An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Mhuire
Mullingar
County Westmeath

Uimhir rolla: 63270K

Dáta na cigireachta: 10 Samhain 2015

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	9 agus 10 Samhain 2015
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Cruinniú leis an gcomhordaitheoir agus le roinn na Gaeilge • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga	• Idirghníomhaíocht leis na scoláirí • Athbhreithniú ar shamplaí d'obair na scoláirí agus ar shamplaí dá ndialanna scoile • Aiseolas do mhúinteoirí aonair • Aiseolas do na múinteoirí Gaeilge agus don phríomhoide

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go han-mhaith i dtromlach na ranganna agus cuibhseach i roinnt bheag cásanna.
- Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid mar theanga theagaisc agus chumarsáide sna ranganna ar fad agus ba léir gurb é seo an gnáthchleachtas.
- Bhí cleachtais mheasúnaithe na roinne, lena n-áirítear an obair bhaile agus an t-aiseolas cuiditheach a thugtar go rialta ar obair scríofa, go han-mhaith.
- Tá fís uaillmhianach ag an bhfoireann don Ghaeilge sa scoil mar theanga agus mar ábhar agus pleanáil chuí ar bun chun an fhís sin a bhaint amach le tacaíocht na bainistíochta.
- Bhí obair na roinne á comhordú go héifeachtach agus léirigh an phleanáil leibhéal maith féinmheastóireachta.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar níos mó airde a dhíriú ar dhearadh na dtascanna a iarrann comhoibriú san fhoghlaim chun a chinntiú go mbeidh siad oiriúnach chun freastal ar éagsúlacht chumais agus go mbeidh na scoláirí ábalta an obair a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na pleananna do bhliainghrúpaí agus léibhéil aonair, moltar díriú ar thorthaí foghlama a shainiú agus i gcás chúrsa na hArdteistiméireachta, ar chomhtháthú níos fearr a dhéanamh ar ghnéithe difriúla an chúrsa agus taithí ina leith seo a roinnt.
- Moltar na dea-chleachtais ceistiúcháin, lena n-áirítear úsáid cheisteanna ardoird, agus cleachtais bunaithe ar phiarmheasúnú agus ar fhéinmheasúnú na scoláirí le linn ranga a leathnú.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do bhuachaillí is ea Coláiste Mhuire. Tá 738 scoláire rollaithe sa scoil. Feidhmíonn an scoil faoi Iontaobhas Scoileanna Éamainn Rís. Soláthraíonn an scoil clár na hIdirbhliana ar bhonn roghnach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go han-mhaith i dtromlach na ranganna agus cuibhseach i roinnt bheag cásanna.
- Roinneadh intinní foghlama leis na scoláirí ag tús gach ranga. Sna samplaí ab fhearr, cuireadh a mbeadh foghlamtha acu ag deireadh an ranga in iúl do na scoláirí agus filleadh ar na hintinní sin ag pointí cuí le linn na ranganna.
- I gcásanna áirithe bhí struchtúr na gceachtanna go han-mhaith agus i bhformhór na gcásanna bhí luas na hoibre oiriúnach.
- Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid mar theanga theagaisc agus chumarsáide sna ranganna ar fad agus ba léir gurb í seo an taithí a bhí ag na scoláirí.
- Leagadh béim ar an ngramadach i bhformhór na ranganna agus ag teacht le dea-chleachtas comhtháthaíodh í le hábhar an ranga.
- Bhí tascanna difriúla de cháilíochtaí éagsúla le déanamh ag na scoláirí sna ranganna ar fad rud a chruthaigh deiseanna dóibh chun obair a dhéanamh ina n-aonar agus comhoibriú lena bpiaraí san fhoghlaim. I gcásanna áirithe, bhí na scoláirí compordach in úsáid na Gaeilge chun tascanna a dhéanamh i bpáirt lena bpiaraí.
- Chun barr feabhais a chur ar na tascanna a éilíonn comhoibriú san fhoghlaim ó scoláirí agus dea-chleachtais a chur i bhfeidhm sna ranganna ar fad, moltar cúram níos fearr a dhéanamh ag céim na pleanála de dhearadh na dtascanna. Ní mór bearna eolais a éilíonn comhoibriú idir scoláirí a bheith sa tasc, teorainn ama cinnte a leagadh amach don tasc, róil chinnte a bheith ag scoláirí agus an teanga a bheidh riachtanach dóibh chun an tasc a dhéanamh a bheith acu.
- I gcásanna áirithe bhí na cleachtais mheasúnaithe le linn ranga go han-mhaith ar fad: roinneadh critéir ratha leis na scoláirí agus bhí deiseanna acu chun piarmheasúnú agus féinmheasúnú a dhéanamh.
- Den chuid ba mhó, úsáideadh raon oiriúnach de cheisteanna chun dul chun cinn na foghlama a mheas. Tá scóip ann áfach níos mó ceisteanna ardoird a úsáid, rud a thacóidh tuilleadh le difreáil na foghlama.
- Bhí atmaisféar an-tacúil don fhoghlaim sna ranganna ar fad agus tugadh an-mholadh do na scoláirí.
- Breathnaíodh sampla scoth-chleachtais ar leith de naisc á gcruthú idir ghnéithe difriúla den chúrsa, cleachtas a mholtar a roinnt.
- I gcás an mhionlaigh, bhí ról rólárnach ar fad ag an téacsleabhar i stiúradh na foghlama.
- Cuireadh straitéisí litearthachta agus uimhearthachta na scoile uile i bhfeidhm sna ranganna ar fad.
- Tugtar agus ceartaítear obair bhaile go rialta agus rinneadh amhlaidh sna ranganna ar fad a breathnaíodh.

- Maidir le cúpla cás, ní mór cúram níos fearr a dhéanamh den chothromaíocht idir ionchur an mhúinteora agus na deiseanna a chruthaítear do na scoláirí chun an Ghaeilge a labhairt.
- Bhí cleachtais mheasúnaithe na roinne go han-mhaith ar fad agus san áireamh ann tá an t-aiseolas cuiditheach a thugtar do scoláirí ar an obair scríofa go rialta.
- Bhain cáilíocht mhaith leis an obair anailíse a dhéantar ar ghnóthachtáil na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta agus leis an monatóireacht ar a ngnóthachtáil sna scrúcuithe tí.
- Baineann cáilíocht mhaith le polasaí obair bhaile na scoile, polasaí a chuireann roinn na Gaeilge i bhfeidhm.
- Moltar an polasaí obair bhaile a nascadh leis an bpolasaí measúnaithe agus na dea-chleachtais ar nós aiseolas foirmitheach a thabhairt i gcás scrúduithe tí a chur san áireamh ann.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá tacaíocht an-mhaith ag an nGaeilge ó bhainistíocht na scoile agus déantar soláthar an-mhaith don ábhar.
- Tá pleananna faoi réir chun sruth lán-Ghaeilge a sholáthar sa scoil.
- Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag roinn na Gaeilge sa scoil ó thaobh an ábhair agus na teanga de.
- Tacaíonn socruithe tráthchláraithe chomh maith le polasaí ranganna cumais mheasctha le rochtain na scoláirí ar an nGaeilge ag an leibhéal is airde sa dá shraith.
- Tá obair fhiúntach idir lámha ag an bhfoireann chun taithí na scoláírí ar úsáid na teanga lasmuigh de na ranganna a leathnú agus, mar shampla, tríd an drámaíocht san Idirbhliain, scoláireachtaí Gaeltachta agus naisc leis an ionad cultúrtha Áras an Mhuilinn.
- Tugann an bhainistíocht an-tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na foirne.
- Bhí inniúlacht Ghaeilge labhartha na múinteoirí ar fad chun críche teagaisc sásúil. I gcás an mhionlaigh áfach ní mór cúram a dhéanamh de chruinneas an ábhair scríofa a chuirtear os comhair na scoláirí.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá fís uaillmhianach ag an bhfoireann don Ghaeilge sa scoil mar theanga agus mar ábhar agus pleanáil chuí ar bun chun an fhís sin a bhaint amach.
- Bhí obair roinn na Gaeilge á comhordú go héifeachtach agus bíonn idir chruinnithe rialta foirmeálta agus neamhfhoirmeálta ag an roinn. Moltar go nglacfadh an comhordaitheoir an ról ar feadh tréimhse suas le trí bliana chun pleanáil straitéiseach d'fhorbairtí beartaithe a éascú agus chun plean gníomhaíochtaí a leagadh amach a chuimseodh torthaí na meastóireachta seo.
- Bhí leibhéal an-mhaith comhoibrithe agus comhphleanála i measc na foirne.
- Bhain cáilíocht an-mhaith leis an bplean don ábhar agus léirigh sé leibhéal maith féinmheastóireachta a bheith á chleachtadh ag an roinn. Sa chéad athbhreithniú eile ar na

pleananna do bhliainghrúpaí agus léibhéil aonair, moltar díriú ar thorthaí foghlama a shainiú agus, i gcás ranganna na hArdteistiméireachta, comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar na gnéithe difriúla den chúrsa.

- Tá sé de dhea-chleachtas ag an roinn dul i gcomhairle le *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge* mar chuid den phróiseas pleanála don fhoghlaim sa chéad bhliain. Chun barrfeabhais a chur air seo, moltar naisc a fhorbairt leis na bunscoileanna friothálacha chun léargas níos fearr a fháil ar thaithí foghlama na scoláirí sna ranganna sinsearacha sa bhunscoil agus a dtaithí féin agus a n-ionchais d'fhoghlaim na scoláirí a roinnt.
- Bhain cáilíocht mhaith le plean na hIdirbhliana agus bhí an t-ábhar nasctha go dlúth le garthimpeallacht na scoláirí.
- Bhí pleanáil agus ullmhúchán de cháilíocht an-mhaith déanta d'fhormhór na ranganna a breathnaíodh.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí a gus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.